Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6743/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0038(BUD)**

**FIN 323**
**SOC 110**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/007 BE/Casa |

**IARSCRÍBHINN**

2026/0038 (BUD)

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/007 BE/Casa**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.
2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI:http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[3], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[4], agus mar a leagtar síos freisin in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 23 Meán Fómhair 2025, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Casa sa Bheilg. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 916 733 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj)).

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj)).

[5] COM(2026) 3 final.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 916 733 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*]*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

* An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilseofar san Iris Oifigiúil é.